

16.11.2023

A9-0319/514

Leasú 514

Anna Zalewska, Krzysztof Jurgiel
thar ceann an Ghrúpa ECR

Tuarascáil

A9-0319/2023

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Beidh feidhm ag **pointe (a) ón 1 Eanáir 2030** agus beidh feidhm ag **pointe (e) ón 1 Eanáir 2035**.

Beidh feidhm ag **pointí (a) go (d) 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 4** agus **tráth nach luaithe ná an 1 Eanáir 2030**.
Beidh feidhm ag **pointe (e) 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 6** agus **i gcás ar bith tráth nach luaithe ná 5 bliana ó dháta chur i bhfeidhm phointe (a)**.

Or. en

Réasúiní

Tógann athdhearadh pacáistíochta am chomh maith le hacmhainní suntasacha airgeadais agus daonna. Ba cheart go mbeadh idirthréimhse dhóthanach ann idir eisiúint rialacháin AE maidir le critéir deartha chun athchúrsála agus a n-infheidhmeacht chun lamháil do mhonaróirí na tástálacha riachtanacha a dhéanamh. Ina theannta sin, cinnfear oiriúnacht na pacáistíochta chun athchúrsála, i measc nithe eile, trí bhonneagar bailithe, sórtála agus athchúrsála a bheith ar fáil, ar bonneagar é atá an-éagsúil ar fud na hEorpa.

16.11.2023

A9-0319/515

Leasú 515

Anna Zalewska, Krzysztof Jurgiel
thar ceann an Ghrúpa ECR

Tuarascáil

A9-0319/2023

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3. **Ón 1 Eanáir 2030**, comhlíonfaidh pacáistíocht in-athchúrsáilte na critéir **‘dearadh le haghaidh athchúrsála’ mar a leagtar** síos sna gníomhartha tarmligthe a **glacadh** de bhun **mhír 4 agus, ón 1 Eanáir 2035, comhlíonfaidh sé na ceanglais maidir le hin-athchúrsáilteacht ar an mórchoir a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun mhír 6. I gcás ina gcomhlíonann pacáistíocht den sórt sin na gníomhartha tarmligthe sin, measfar go gcomhlíonann sí mír 2, pointí (a) agus (e).**

3. **3. Cúig bliana ó dháta theacht i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 4 agus i gcás ar bith tráth nach luaithe ná an 1 Eanáir 2030**, comhlíonfaidh pacáistíocht in-athchúrsáilte na critéir **deartha** athchúrsála **arna leagan** síos sna gníomhartha tarmligthe **arna nglacadh** de bhun **mhír 4**.

Cúig bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 6 agus i gcás ar bith tráth nach luaithe ná cúig bliana ó dháta chur i bhfeidhm phointe (a) de mhír 2, comhlíonfaidh pacáistíocht in-athchúrsáilte freisin na ceanglais in-athchúrsáilteachta ar scála a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 6. I gcás ina gcomhlíonann an phacáistíocht sin na gníomhartha tarmligthe sin, measfar go gcomhlíonann sí mír 2, pointí (a) agus (e).

Or. en

Réasúinú

Níor cheart go mbeadh sé d’éifeacht ag aon mhoill ar scaoileadh gníomhartha tarmligthe a ghabhann leis an rialachán seo go laghdófaí an t-am is gá don tionscal chun na ceanglais

AM\1290739GA.docx

PE754.376v01-00

nua a chomhlíonadh.

16.11.2023A9-0319/516

Leasú 516

Anna Zalewska, Krzysztof Jurgiel
thar ceann an Ghrúpa ECR

Tuarascáil

A9-0319/2023

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 5 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Ón 1 Eanáir 2030, ní mheasfar **go mbeidh** pacáistíocht in-athchúrsáilte má **chomhfhreagraíonn** sé do ghrád feidhmíochta E **faoi na critéir ‘dearadh le haghaidh athchúrsála’ a bhunaítear sa ghníomh tarmligthe a glacadh de bhun mhír 4** don chatagóir pacáistíochta lena mbaineann an phacáistíocht.

Cúig bliana ó dháta glactha an ghnímh tharmligthe lena leagtar síos na critéir deartha athchúrsála de bhun mhír 4, ní mheasfar pacáistíocht **a bheith** in-athchúrsáilte má **fhreagraíonn** sé do ghrád feidhmíochta E don chatagóir pacáistíochta lena mbaineann an phacáistíocht.

Or. en

16.11.2023A9-0319/517

Leasú 517

Anna Zalewska, Krzysztof Jurgiel
thar ceann an Ghrúpa ECR

Tuarascáil

A9-0319/2023

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 10 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(c a) (c a) pacáistíocht bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach, bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia naíonán, agus bia chun críocha speisialta liachta arna shainmhíniú in Airteagal 1, pointe (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013.

Or. en

Réasúnú

Dírítear i mbianna atá ceaptha do naíonáin agus do leanaí óga agus bianna chun críocha speisialta liachta ar ghrúpaí íogaire tomhaltóirí ar gá cosaint speisialta dá sláinte. Léirítear an méid sin cheana féin i Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 maidir le hábhair agus earraí a bheartaítear a bheith i dteagmháil le bia, lena bhforáiltear do theorainneacha fiordhiana ar aistriú sonrath substaintí áirithe ó phacáistíocht bia do naíonáin agus do leanaí óga. Mar sin, éilítear leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 6 den dréachtrialachán seo tréimhse ama níos faide chun an cineál seo pacáistíochta a oiriúint.

16.11.2023A9-0319/518

Leasú 518

Anna Zalewska, Krzysztof Jurgiel
thar ceann an Ghrúpa ECR

Tuarascáil

A9-0319/2023

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. **Ón 1 Eanáir 2030, beidh an céatadán íosta d'ábhar athchúrsáilte a leanas, a bheidh aisghafa ó dhramhaíl plaisteach iarthomhaltais, sa chuid phlaisteach de phacáistíocht, in aghaidh an aonaid pacáistíochta:**

1. **1. Cúig bliana ón dáta a ghlactar an gníomh cur chun feidhme lena leagtar síos an mhodheolaíocht chun céatadán an ábhair athchúrsáilte arna aisghabháil ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltóra a ríomh agus a fhíorú de bhun mhír 7, áiritheoidh na hoibreoírí eacnamaíocha an t-íoschéatadán seo a leanas den ábhar athchúrsáilte a aisghabhtar ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltóra, mar mheán de phunann fhoriomlán pacáistíochta plaistí an oibreora eacnamaíoch a chuirtear ar mhargadh an Aontais a thagann faoi raon feidhme na gceanglas seo:**

Or. en

Réasúnú

Cur chuige Threoir 2019/904 (SUP) a choinneáil ar bun ina luaitear gur cheart an t-ábhar athchúrsáilte a ríomh mar mheán, seachas do gach aonad pacáistíochta. Bheadh impleachtaí suntasacha dá n-athrófaí cur chuige don tionscal agus do mhargadh AE. Tá an margadh reatha PET athchúrsáilte (teireataláit poileitiléin) an-teoranta, rud is cúis le fadhbanna tromchúiseacha chun an t-amhábhhar seo a fháil. Teorannaíonn meán-mhodheolaíocht san eintiteas na fadhbanna soláthair a fhéadfaidh a bheith roimh chuideachtaí áirithe.

16.11.2023A9-0319/519

Leasú 519

Anna Zalewska, Krzysztof Jurgiel
thar ceann an Ghrúpa ECR

Tuarascáil

A9-0319/2023

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 3 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(d a) (d a) pacáistíocht bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach, bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia naíonán, agus bia chun críocha speisialta liachta arna shainmhíniú in Airteagal 1, pointe (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013.

Or. en

Réasúnú

Dirítear i mbianna atá ceaptha do naíonáin agus do leanaí óga agus bianna chun críocha speisialta liachta ar ghrúpaí íogaire tomhaltóirí ar gá cosaint speisialta dá sláinte. Léirítear an méid sin cheana féin i Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 maidir le hábhair agus earraí a bheartaítear a bheith i dteagmháil le bia, lena bhforáiltear do theorainneacha fiordhiana ar aistriú sonrath substaintí áirithe ó phacáistíocht bia do naíonáin agus do leanaí óga. Mar sin, éilítear leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 7 den dréachtrialachán seo tréimhse ama níos faide chun an cineál seo pacáistíochta a oiriúnú.